CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2022/1105 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 15 Meitheamh 2022

maidir le glacadh le rannchuidiú Phoblacht Shóisialach Vítneam le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) (EUTM RCA/2/2022)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2016/610 ón gComhairle an 19 Aibreán 2016 maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 8(2) de Chinneadh (CBES) 2016/610, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le glacadh le rannchuidithe molta ó tríú Stáit le EUTM RCA.

(2) I ndiaidh na moltaí ó Cheannasaí Mhisean AE agus ó Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh i dtaca le rannchuidiú ó Phoblacht Shóisialach Vítneam, ba cheart rannchuidiú ón tríú Stát sin a ghlacadh agus í a mheas mar rannchuidiú suntasach.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 5 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní bhíonn an Danmhairg rannpháirteach i ndréachtú agus cur chun feidhme cinntí agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a bhfuil impleachtaí acu in ábhair cosanta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Glactar leis an rannchuidiú ó Phoblacht Shóisialach Vítneam le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) agus meastar gur rannchuidiú suntasach é.

2. Tá Poblacht Shóisialach Vítneam díolmhaithe ó ranníocaíochtaí airgeadais le buiséad EUTM RCA.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Meitheamh 2022.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála
D. PRONK
An Cathaoirleach

([1]) IO L 104, 20.4.2016, lch. 21.